

AERÁID ÁR DTÍRE.

Tá aeráid ár dtíre chomh cinéalta sin nach gnáthach garbh-aimsir againn. Tá garbh aimsir chómh neamhgnáthach sa tír seo a bhfuil an t-aeráid chomh cinéalta innte, gur beag nach gcuireann sneachta iongnadh orainn nó an sioc cruaidh féin. Is cosmhail an spéir gheimhridh le muir d'ór leaghtha nuair a éirigheann an mall-ghrian agus ritheann na mealta beaga dearga go stuaidh na spéire an tuile soluis dá shéideadh do réir chosmhalacht. Agus chomh luath is shroicheann an galán gréine na fála is na páirceanna tosuigheann an sioc geal a spréachasnighe go gcuireann malairt crut ar an tír. Leaghann an radharc sidheamhail i gceann cupla uair a chluig agus sin é an uair is léir dúinn an tús an sgriosa atá déanta sa ngáirdín ag Sioc an Rí. An heliotrope atá i dteannta an bhalla tá sí seargtha gan fuinneamh innte, agus bláth duilleabhair na Sal gCuach a bhí glé uaine indé tá siad ina mheall críon liath, ach an sunsponge agus an fhlioth dhá plannda gleoidhe fiadhaine atá chomh mín cineálta ina mhianach, tá cosmhalacht ortha go dtáinig siad slán tríd cruatan na hoidche.

Tá an Inseilago a bhfuil crot láidir air tá sé marbh ag an cioc agus cad chuige ar Éire sé leis an dá chineál mhíne. Sé nadúir na bplanndaí codladh rith an gheimhridh ach má seadh féin, leanann go leor do na plandaí fiadhaine don fhás ar feadh na glas aimsire uile agus ag cur amach duilleog tír agus geineog cé go mbíd ar bheagán beathadh don fhás le linn an ama. An fhad is bhíos duilleoga glasa ar an bplanda bíonn sé a sugh uisge agus dálann sé an t-uisge céadna amach ar eadrom na nduilleog. Sé éadtromú an aéir san ngeimhreadh is mó is cionntach leis an allus mar ní bhíonn aimsir the ná a tirim ann san am. Coisgeann fuaradh na créafóige na fréamhacha ó bheith a sugh an uisge agus is beag le rádh an taise tá sa bplannda sa ngeimhreadh le hais an tsamhraidh. Mar sin féin an dá luath is a chuireann an sioc a chéad ghreim trathnóna geimhridh, agus go n-éirigheann an t-aeráid níos tanaidhe agus níos éadroime, tosuigheann an allus-phuill na nduilleog a' cur amach an deola bhig uisge atá a bhíos fága ins na cealla, do réir mar bhíos an fuaradh a meadú teangbhuigheann an sioc leis na deora beaga taise agus cruadhann siad ina gcrotal mín de chlochíní leac oighre.

Ní éaluigheann braon dá laghad ó Shioc an Rí agus nuair a bhreathnuigheas tú na duilleoga, agus na seamaidí féir ar maidin chidheann tú ar a gciumhasaibh agus ar fhad a gcuislí líntí gléabhán agus má cuirtear faoi miondracán iad chithfidh tú go bhfuil na líntí céadna cé gur bídeach iad ina bhfíor-chriostail. Nuair a leaghann an ghrian na criostail seaca sughann na duilleoga an t-uisge arís agus bíonn siad chomh cruadh céadna is bhí cheana. Tá planndaí ann nach bhfuil sé ar a gcumas an t-allus a chuir amach sa bhfuacht agus gheibh an sioc marbhfháisg ortha agus iompuigheann an tais ins na cealla ina sgeann leacoighre. Sin é an uair a gníthear an marbhú. Réabann na lanna cruadha agus iad dá méadú, réabann siad agus stróiceann siad míncneas na gceall. Is gearr uatha an bás. Nuair a theangbhuigheann teas na gréine leis an duilleog réabtha tuiteann an duilleog bocht ar lár gan dé gan anál. Tá cosaint iongantach ar planndaí áithride ar chruadháil Sioc an Rí. Tá sgéal ag ughdar an